# Ag Gléasadh don tSamhradh

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn,*<br>*Na hEalaíona, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Scileanna Forbartha** | • Eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• A gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• Teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | éadaí, dathanna, teaglaim, uimhreacha, patrún |
| **Áiseanna** | bileoga le pictiúir de pháiste ag caitheamh T-léine agus bríste gearr, bríste gearr agus caipín, ciúbanna daite, cnaipí srl. criáin, pinn luaidhe daite |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Faigheann daltaí pictiúr de pháiste ag caitheamh T-léine agus bríste gearr. Míníonn an múinteoir go bhfuil dhá dhath dhifriúla de T-léinte agus de bhríste gearr le roghnú. Ansin, déanann na daltaí iarracht an páiste a ghléasadh leis an oiread teaglamaí daite difriúla de T-léinte agus de bhríste gearr agus is féidir leo. Déanann siad sin ar léaráidí imlíneacha folmha den pháiste agus ansin dathaíonn siad na roghanna difriúla. Is féidir ciúbanna daite nó cnaipí a úsáid leis na teaglamaí difriúla a thriail/in áit dathú.

Pléigh teaglamaí difriúla na bhfeisteas a chum na daltaí. Cá mhéad féidearthacht éagsúil a bhí ann?

### 2 Gníomhaíocht 2

Is féidir an pictiúr den pháiste ag caitheamh caipín a úsáid leis an ghníomhaíocht a shíneadh. Tá na caipíní ar fáil in dhá dhath dhifriúla. Faigh amach cá mhéad teaglaim dhifriúil d'fheistis is féidir leis na daltaí a chumadh nuair a chuirtear an tríú ball éadaigh i láthair. Pléigh na rudaí seo.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad feisteas difriúil a fuair tú?<br>• Cá mhéad uair a d'úsáid tú an dath ....... (m.sh., gorm, dearg)?<br>• Cén patrún atá déanta agat? | • Déan cur síos ar do phatrún.<br>• Cad é mar atá tú ábalta a chruthú go bhfuair tú na feistis uilig?<br>• Má athraítear na dathanna ar na T-léintí, cad a bheadh mar an gcéanna/difriúil? Cad chuige? |

## Difreáil

Socraigh líon na mball éadaigh de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
































